C/2024/1612

16.2.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11390 — RHEINMETALL / KNDS / UAB LITHUANIA DEFENSE SERVICES JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/1612)

1. An 8 Feabhra 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Rheinmetall Landsysteme GmbH ('RLS', an Ghearmáin), faoi rialú Rheinmetall AG ('Rheinmetall'),

— Krauss-Maffei Wegmann GmbH & Co. KG ('KMW', an Ghearmáin), faoi rialú KNDS N.V. ('KNDS', an Ísiltír),

— UAB Lithuania Defense Services ('LDS'), faoi rialú comhpháirteach RLS agus KMW.

Gheobhaidh RLS agus KMW rialú comhpháirteach ar LDS de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá RLS gníomhach i bhforbairt, i monarú, i ndeisiú, agus i ndíolachán feithiclí míleata rianaithe agus rothacha, córas túr agus córas taiscéalaíochta NBC agus i láimhseáil ordaithe agus seirbhíse maidir leo. Tá RLS faoi úinéireacht iomlán Rheinmetall, atá gníomhach i monarú agus i soláthar trealaimh chosanta agus comhpháirteanna gluaisteán.

— Tá KMW gníomhach i bhforbairt agus i monarú punann táirgí amhail feithiclí rothacha ardchosanta, córais frith-aerárthaí, córais airtléire, príomhthancanna catha, feithiclí troda coisithe agus córais déanta droichid. Is cuid de KNDS é KMW, comhlachas Franc-Ghearmánach in earnáil na cosanta talún.

— Tá LDS gníomhach i soláthar seirbhísí iardhíola le haghaidh feithiclí míleata rianaithe agus rothacha, sna stáit Bhaltacha agus sa Pholainn den chuid is mó.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i ndáil le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11390 — RHEINMETALL / KNDS / UAB LITHUANIA DEFENSE SERVICES JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË